Ionstraimí Reachtúla

I.R. Uimh. 179 de 2005

ORDÚ NA gCUIDEACHTAÍ (TÁILLÍ) 2005

ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH
Le ceannach díreach ón
OIFIG FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
Nó tríd an phost ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA.
51 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01-6476834/35/36/37; Facs: 01 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

Prn A5/0490 **Praghas €1.27**

I.R. Uimh. 179 de 2005

Ordú na gCuideachtaí (Táillí) 2005

Ordaímse, Michael Ahern, Aire Stáit ag An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le hailt 395 (arna leasú ag an Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí (Uimh. 28 de 2001)) agus 396 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (Uimh. 33 de 1963), (arna oiriúnú ag an Ordú Fiontar agus Fostaíochta (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a athrú) 1997 (I.R. Uimh. 305 de 1997)) agus ag an Ordú Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (Feidhmeanna Aire a Tharmligean) (Uimh.2) 2004 (I.R. Uimh. 808 de 2004), mar seo a leanas:

1. Féadfar Ordú na gCuideachtaí (Táillí) 2005 a ghairm den Ordú seo.

2. San Ordú seo, ciallaíonn "an tOchtú Sceideal" an tOchtú Sceideal (arna ionadú ag Ordú na gCuideachtaí (Táillí) 2001 (I.R. Uimh. 477 de 2001), agus arna leasú ag Ordú na gCuideachtaí (Táillí) (Uimh.2) 2001 (I.R. Uimh. 569 de 2001), ag Ordú na gCuideachtaí (Táillí) 2002 (I.R. Uimh. 557 de 2002) agus ag Ordú na gCuideachtaí (Táillí) 2003 (I.R. Uimh. 187 de 2003)) d'Acht na gCuideachtaí 1963 (Uimh. 33 de 1963).

3. Athraítear Cuid 1 den Ochtú Sceideal tríd an méid seo a leanas a chur in ionad míreanna (a) go (j):

"

Le haghaidh clárú na nithe seo a leanas-	
(a) faoi réir míreanna (b) go (n) aon doiciméad a cheanglaítear nó a údaraítear a chlárú nó a cheanglaítear a sheachadadh, a chur, nó a chur ar aghaidh chuig an chláraitheoir, de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2003, seachas tuairisceán bliantúil nó aon doiciméad eile a shonraítear in áiteanna eile sa Sceideal seo nó i dtaca le hathrú ar ainm cuideachta,	€12
(b) doiciméad i dtaca le haon athrú ar shuíomh oifig chláraithe na cuideachta de bhun alt 113 d'Acht na gCuideachtaí 1963, i gcás gur tríd an chóras ríomhchomhdaithe foirmeacha atá in úsáid ag an chláraitheoir a chuirtear na sonraí sa doiciméad atá le clárú faoi bhráid an chláraitheora,	Neamhní
(c) doiciméad i dtaca le haon athrú ar shuíomh oifig chláraithe na cuideachta de bhun alt 113 d'Acht na gCuideachtaí 1963, i gcás go gcuirtear na sonraí sa doiciméad atá le clárú faoi bhráid an chláraitheora tríd an chóras ríomhchomhdaithe *CROdisk* fosta,	Neamhní
(d) doiciméad i dtaca le haon athrú i sonraí na stiúrthóirí nó i sonraí rúnaí na cuideachta nó le haon athrú sna sonraí i gclár stiúrthóirí agus rúnaithe na cuideachta de bhun alt 195 d'Acht na gCuideachtaí 1963, i gcás gur tríd an chóras ríomhchomhdaithe foirmeacha atá in úsáid ag an chláraitheoir a chuirtear na sonraí sa doiciméad atá le clárú faoi bhráid an chláraitheora,	Neamhní

(e) doiciméad i dtaca le haon athrú i sonraí na stiúrthóirí nó i sonraí rúnaí na cuideachta nó aon athrú sna sonraí i gclár stiúrthóirí agus rúnaithe na cuideachta de bhun alt 195 d'Acht na gCuideachtaí 1963, i gcás go gcuirtear na sonraí sa doiciméad atá le clárú faoi bhráid an chláraitheora tríd an chóras ríomhchomhdaithe *CROdisk* fosta,	Neamhní
(f) doiciméad i dtaca le haon athrú ar sheoladh na háite ina gcoimeádtar clár chomhaltaí cuideachta de bhun alt 91(3) d'Acht na gCuideachtaí 1963 agus gur tríd an chóras ríomhchomhdaithe foirmeacha atá in úsáid ag an chláraitheoir a chuirtear na sonraí sa doiciméad atá le clárú faoi bhráid an chláraitheora,	Neamhní
(g) doiciméad i dtaca le haon athrú ar sheoladh na háite ina gcoimeádtar clár bhintiúraigh cuideachta de bhun alt 91(3) d'Acht na gCuideachtaí 1963 agus gur tríd an chóras ríomhchomhdaithe foirmeacha atá in úsáid ag an chláraitheoir a chuirtear na sonraí sa doiciméad atá le clárú faoi bhráid an chláraitheora,	Neamhní
(h) doiciméad i dtaca le haon athrú ar sheoladh na háite ina gcoimeádann cuideachta conarthaí seirbhíse nó meabhráin na stiúrthóirí de bhun alt 50(4) d'Acht na gCuideachtaí 1990 agus gur tríd an chóras ríomhchomhdaithe foirmeacha atá in úsáid ag an chláraitheoir a chuirtear na sonraí sa doiciméad atá le clárú faoi bhráid an chláraitheora,	Neamhní
(i) doiciméad i dtaca le haon athrú ar sheoladh na ndaoine a chónaíonn sa Stát agus a bhfuil údarás acu seirbheáil a ghlacadh ar imeachtaí thar ceann na cuideachta nó ar sheoladh na ndaoine a chónaíonn sa Stát atá freagrach as comhlíonadh ceanglas a áirithiú nó ar sheoladh an bhrainse sa Stát, de bhun Rialachán 4(3) nó 7(3) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Nochtadh Brainse) 1993 (I.R. Uimh. 395 de 1993) i gcás gur tríd an chóras ríomhchomhdaithe foirmeacha atá in úsáid ag an chláraitheoir a chuirtear na sonraí sa doiciméad atá le clárú faoi bhráid an chláraitheora,	Neamhní
(j) doiciméad i dtaca le haon athrú ar sheoladh na ndaoine a bhfuil údarás acu seirbheáil a ghlacadh thar ceann na cuideachta nó ar sheoladh a príomháite gnó sa Stát, de bhun Alt 353 d'Acht na gCuideachtaí 1963, i gcás gur tríd an chóras ríomhchomhdaithe foirmeacha atá in úsáid ag an chláraitheoir a chuirtear na sonraí sa doiciméad atá le clárú faoi bhráid an chláraitheora,	Neamhní
(k) gnáthrún de bhun alt 143 d'Acht na gCuideachtaí 1963, agus aon doiciméad a thaisctear i dtaca leis an ghnáthrún sin, i gcás gur tríd an chóras ríomhchomhdaithe foirmeacha atá in úsáid ag an chláraitheoir a chuirtear na sonraí sa ghnáthrún atá le clárú faoi bhráid an chláraitheora,	Neamhní
(l) rún speisialta de bhun alt 143 d'Acht na gCuideachtaí 1963, agus aon doiciméad a thaisctear i dtaca leis an rún speisialta sin, seachas rún i dtaca le hathrú ar ainm cuideachta, i gcás gur tríd an chóras ríomhchomhdaithe	Neamhní

foirmeacha atá in úsáid ag an chláraitheoir a chuirtear na sonraí sa rún speisialta atá le clárú faoi bhráid an chláraitheora,	
(m) doiciméad i dtaca le cuideachta teacht chun bheith ina cuideachta aonchomhalta de bhun Rialachán 5(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí Príobháideacha Teoranta Aonchomhalta) 1994 (I.R. Uimh. 275 de 1994), i gcás gur tríd an chóras ríomhchomhdaithe foirmeacha atá in úsáid ag an chláraitheoir a chuirtear na sonraí sa doiciméad atá le clárú faoi bhráid an chláraitheora,	Neamhní
(n) doiciméad i dtaca le cuideachta aonchomalta teacht chun bheith ina cuideachta ilchomhalta de bhun Rialachán 6(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí Príobháideacha Teoranta Aonchomhalta) 1994, i gcás gur tríd an chóras ríomhchomhdaithe foirmeacha atá in úsáid ag an chláraitheoir a chuirtear na sonraí sa doiciméad atá le clárú faoi bhráid an chláraitheora,	Neamhní
(o) fógra ó iniúchóir go bhfuil cuideachta i ndiaidh a cheapachán a fhoirceannadh de bhun alt 34(3)(a) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 1999.	Neamhní

"

Arna thabhairt faoi mo lámh,
7 Aibreán 2005.

Michael Ahern
Aire Stáit ag an Roinn
Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Nóta Míniúcháin

(Ní cuid den Ionstraim an Nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é)

Leasaítear leis an Ordú seo Ordú na gCuideachtaí (Táillí) 2001 (I.R. 477 de 2001), arna leasú

Déantar foráil leis an Ordú le haghaidh dífheidhmiú tháillí comhdaithe i gcás go ndéantar doiciméid áirithe sonraithe a chomhdú go leictreonach le Cláraitheoir na gCuideachtaí.

Prn. A5/0490

Praghas: €1.27